*Uimhir* 20 *de* 1995

# An tAcht um an mBord Bia (Leasú), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 20 *de* 1995

# AN tACHT UM AN mBORD BIA (LEASÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


Alt

1. Comhaltas an Bhoird agus téarma oifige comhaltaí áirithe.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

## An tAcht dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um an mBord Bia, 1994 | 1994, Uimh. 22 |

*Uimhir* 20 *de* 1995

# AN tACHT UM AN mBORD BIA (LEASÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM AN mBORD BIA, 1994.

[20 *Iúil* 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Comhaltas an Bhoird agus téarma oifige comhaltaí áirithe.

**1.—**(1) Leasaítear leis seo alt 14 den Acht um an mBord Bia, 1994, de réir na bhforálacha seo a leanas den alt seo.

(2) Scriosfar fo-alt (1) agus cuirfear an méid seo a leanas ina ionad:

> "(1) Is iad a bheidh ar an mBord cathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta dhéag nó cibé líon gnáthchomhaltaí is mó ná sin ach nach mó ná trí dhuine dhéag a fhorordóidh an tAire.".

(3) Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach san alt:

> "(4A)Ceapfar aon ghnáthchomhalta amháin ar ainmniú ó Aire na Mara.".

(4) I bhfo-alt (7), scriosfar míreanna (*a*), (*b*) agus (*c*) agus cuirfear an méid seo a leanas ina n-ionad:

> "(*a*) beidh an tríú cuid de na comhaltaí sin, arna ríomh faoi threoir na slánuimhreach is gaire, i seilbh oifige ar feadh trí bliana, agus beidh an tríú cuid i seilbh oifige ar feadh ceithre bliana, ó dháta a gceaptha, agus
>
> (*b*) beidh an chuid eile de na comhaltaí i seilbh oifige ar feadh na tréimhse cúig bliana ó dháta a gceaptha.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.—**(1) Féadfar an tAcht um an mBord Bia (Leasú), 1995 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um an mBord Bia, 1994 agus 1995, a ghairm den Acht um an mBord Bia, 1994 agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

9 781399 307666